An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Treoirlínte Tosaigh chun Tacú le Cuimsiú Fiúntach Leanaí a bhfuil Uathachas orthu i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus i gCúram Leanaí in Aois Scoile



AIM
ACCESS & INCLUSION MODEL



Buíochas ar leith leo siúd a rinne athbhreithniú ar an bhfoilseachán seo agus a chuir go mór lena fhorbairt go háirithe an tOllamh Emer Ring, agus an fhoireann ag As I Am agus Sinéad Lawton ó Barnardos.

Foilsíodh na treoirlínte seo chun cur leis an Treoir Dea-Chleachtais Uathachais do Scoileanna – Ag Tacú le Leanaí agus Daoine Óga, agus tá siad deartha le húsáid le leanaí óga i suíomhanna um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus le leanaí i gCúram Leanaí in Aois Scoile.

Ullmhaithe ag An Roinn Leanaí, Chomhionnanais, Míchumais,
Lánpháirtíochta & Óige
**gov.ie**

# Clár na nÁbhar

**1. Réamhrá** ..... 3

**2. Brollach** ..... 5

2.1. Cad is Uathachas ann? ..... 5

**3. Cur Chuige um Chearta Leanaí** ..... 8

**4. Aistear, Creat Curaclaim na Luath-Óige** ..... 8

**5. Suíomh Cuimsitheach a Chruthú** ..... 9

5.1. Luachanna Cuimsitheacha na Suíomhanna a chur in iúl ..... 10

5.2. Ag Tacú leis an Aistriú ón mBaile ..... 10

5.3. An Cur Chuige Eochar Duine ..... 11

5.4. An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) ..... 11

**6. Ag Tacú le Tuismitheoirí** ..... 13

**7. Straitéisí chun Tacú le Leanbh a bhfuil Uathachas orthu** ..... 14

7.1. Próiseáil Chéadfach ..... 14

7.2. Stuimeáil ..... 17

7.3. Súgradh agus Leanbh a bhfuil Uathachas orthu ..... 18

7.4. Aistrithe Laethúla ..... 20

7.5. Áiseanna agus leideanna amhairc ..... 21

7.6. Spéiseanna Speisialta ..... 22

**8. Imní a Laghdú** ..... 22

8.1. Sos Céadfach a Sholáthar ..... 23

8.Gníomhaíochtaí Céadfacha a thairiscints ..... 24

8.3. Rogha a Spreagadh ..... 24

8.4. Tacú le Féinrialachán ........ 24

8.5. Timpeallacht Intuartha Shocair a Chruthú ........ 25

8.6. Tacaíocht a thabhairt do Leanaí le Mascadh ........ 26

8.7. Soláthar a dhéanamh d’Imeascadh Fisiciúil ........ 26

8.8. Teagasc Intinneach ........ 27

**9. Cumarsáid agus Forbairt Teanga ........ 29**

9.1. Úsáid a bhaint as teanga fhógrach ........ 31

9.2. Treoracha a Thabhairt Diaidh ar nDiaidh ........ 31

9.3. Treoracha soiléire dearfacha a sholáthar ........ 31

9.4. Córas Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (CCMP) agus Cumarsáid Mhalartach agus Bhreisitheach (CMB) ........ 32

**10. Rannpháirtíocht ........ 33**

**11. Na Treoirlínte sin a Chur i bhFeidhm ........ 34**

**12. Naisc Thapa Tús Níos Fearr ........ 35**

**13. Liosta Acrainmneacha ........ 36**

**14. Léitheoireacht breise ........ 36**

# 1. Réamhrá




Tuigimid agus aithnímid go léir an ról ríthábhachtach atá ag seirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige d'ardchaighdeán i bhforbairt agus folláine chognaíoch, shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil leanaí, mar aon le soláthar seirbhísí tábhachtacha eile do leanaí agus do theaghlaigh. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag seirbhísí cúraim leanaí in aois scoile freisin maidir le tacú le forbairt iomlánaíoch leanaí, agus cuireann siad leis an oideachas foirmiúil a chuirtear ar fáil i scoileanna.

Tuigim go maith go bhfuil níos mó ag teastáil ó leanaí a bhfuil uathachas orthu agus óna dteaghlaigh ná díreach rochtain ar na seirbhísí seo amháin; teastaíonn rannpháirtíocht chuimsitheach fhiúntach uathu i suíomh atá ullmhaithe chun freastal ar a gcuid riachtanas.

Ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na ngealltanas maidir le cuimsiú sna Chéad 5 agus sa Straitéis um Nuálaíocht Uathachais, tá áthas orm na Treoirlínte Tosaigh seo a fhoilsiú chun Tacú le Cuimsiú Fiúntach Leanaí a bhfuil Uathachas orthu i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus i dtimpeallachtaí cúraim leanaí. Tosaíonn cuimsiú fiúntach leanaí néara-éagsúla agus a dteaghlaigh sna suíomhanna sin nuair a chuirtear oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí leanaí in aois scoile ar an eolas go hiomlán faoina ról i gcuimsiú gníomhach. Tá na treoirlínte seo mar chuid de shraith tacaíochtaí agus acmhainní an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) a thacaíonn le cuimsiú leanaí sa chlár COLÓ agus níos faide i gcéin.

Is deacair athrú dearcaidh a thabhairt isteach sa tsochaí agus is minic a bhíonn oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí leanaí in aois scoile ar thús cadhnaíochta san athrú sin. Is féidir na treoirlínte seo a úsáid mar phointe tosaigh agus tá súil agam go mbainfidh suíomhanna agus baill foirne úsáid astu chun athbhreithniú agus leathnú a dhéanamh ar chuimsiú leanaí a bhfuil uathachas orthu agus a dteaghlaigh.



Roderic O'Gorman
An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige



Cuirim fáilte mhór roimh na treoirlínte seo dóibh siúd atá ag obair leis na leanaí is óige sa tír. Is gníomh iad de chuid Straitéis um Nuálaíocht Uathachais ár Roinne. Oibreoidh an Straitéis seo go dian chun freastal ar agus feabhas a chur ar thaithí saoil na ndaoine a bhfuil uathachas orthu, taithí saoil a dteaghlach agus taithí saoil a gcúramóirí, ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh leordhóthanach ar na dúshláin agus ar na bacainní atá le sárú faoi láthair agus chun tuiscint ar an uathachas agus oiriúnú do dhaoine a bhfuil uathachas orthu a fheabhsú laistigh den tsochaí agus ar fud an chórais phoiblí. Is sampla iad na treoirlínte seo maidir le foghlaim agus cúram na luath-óige de ghníomh soiléir a d'fhéadfadh difríocht inbhraite a dhéanamh do shaol leanaí.

Is é foghlaim agus cúram na luath-óige an chéad uair a rachaidh teaghlach i mbun eispéireas oideachais dá leanbh. Mar sin, baineann tábhacht ollmhór leis chun na boinn a leagan síos d'aistear foghlama an linbh agus i dteaghlaigh comhpháirtíocht iontaofa a fhorbairt le hoideoirí.

Tá ról lárnach ag oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí leanaí in aois scoile i sochaí níos cuimsithí agus níos freagraí a chruthú. Cruthaíonn a dtuiscint agus a rannpháirtíocht le foghlaim faoi chuimsiú leanaí néara-éagsúla agus a dteaghlach i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige deis ní hamháin do na leanaí ach tacaíonn siad le sochaí níos cothroime a fhorbairt.



Anne Rabbitte
An tAire Stáit le freagracht speisialta do Mhíchumais

# 2. Brollach

Forbraíodh an foilseachán seo mar ghníomh faoin Straitéis Náisiúnta um Nuálaíocht Uathachais, a bhfuil sé mar aidhm aici aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na bacainní saincheaptha atá roimh dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus feabhas a chur ar thuiscint agus ar oiriúnú do dhaoine a bhfuil uathachas orthu laistigh den tsochaí agus ar fud an chórais phoiblí. Baineann an treoir seo le hoideoirí luathbhlianta agus le cleachtóirí cúraim leanaí in aois scoile atá ag obair i seirbhísí ionadbhunaithe agus le feighlithe leanaí atá ag obair faoi láthair chun tacú le cuimsiú fiúntach leanaí a bhfuil uathachas orthu i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus i gcúram leanaí in aois scoile.

## 2.1. Cad is Uathachas ann?

Is éard is uathachas ann ná míchumas nó difríocht forbartha ar feadh an tsaoil, a bhaineann leis an gcaoi a ndéanann duine cumarsáid agus idirghníomhú le daoine eile, agus leis an gcaoi a dtéann siad i dtaithí ar an domhan mórthimpeall orthu. Tá uathachas mar chuid den teaghlach néara-éagsúlachta níos leithne de dhifríochtaí nó míchumais, a chuimsíonn daoine a bhfuil difríochtaí acu amhail Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA), Disléicse agus Diospraicse, Titimeas, Siondróm Tourette agus Dioscalcúile.

Cé go mbíonn uathachas ar dhaoine ón uair a rugadh orthu, ní rud é a fhoghlaimíonn tuismitheoirí nuair a bheirtear a leanbh. De réir mar a fhásann leanbh suas, d'fhéadfaidís an domhan a fheiceáil agus a thuiscint ar bhealaí éagsúla, mar shampla déanann siad cumarsáid ar bhealach difriúil le daoine eile, baineann strus mór le nithe laethúla agus bíonn deacracht acu aghaidh a thabhairt orthu, agus bíonn siad ag brath go mór ar struchtúr agus gnáthamh. D'fhéadfadh duine diagnóis uathachais a fháil de bharr an méid sin.

**Tá gach leanbh a bhfuil uathachas orthu uathúil agus bíonn láidreachtaí, riachtanais, rudaí a thaitníonn leo, nach dtaitníonn leo agus bealaí maireachtála éagsúla acu. Mar is amhlaidh le gach leanbh, cruthóidh pearsantacht agus meon aonair an linbh a gcur chuige i leith na foghlama.**



## Roinnt Téarmaí Cabhracha

### Néaraichineálacha

Is téarma é néaraichineálacha a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an mbealach ar leith a smaoiníonn duine ar an domhan. Deirtear go minic go bhfuil daoine ar cheann de dhá néaraichineál éagsúla:

**Néaraitipiciúil**

Tá gach inchinn uathúil ach bíonn patrún forbartha níos tipiciúla ag formhór na forbartha inchinne i leanaí agus páistí óga. Deirtear gur daoine 'néaraitipiciúla' iad daoine a mbíonn an chaoi ina smaoiníonn siad ar an domhan cosúil leis an méid a mbíonn an tsochaí leis.

**Néara-éagsúil**

Glacann cuid d'fhorbairt inchinne patrún forbartha nach bhfuil chomh tipiciúil sin agus bíonn bealach difriúil smaointeoireachta, foghlama agus iompair mar thoradh air seo. Deirtear gur daoine 'néara-éagsúla' iad daoine a mbíonn na difríochtaí smaointeoireachta sin acu, toisc gur féidir leis an gcaoi ina smaoiníonn siad ar an domhan agus ina ndéanann siad an domhan a thuiscint a bheith éagsúil ón méid a mbíonn an tsochaí ag súil leis. Is minic a bhaineann an téarma seo le daoine a bhfuil uathachas orthu agus tagraíonn sé do ghrúpa nó do phobal ina bhféadfadh duine amháin nó níos mó a bheith néara-éagsúil chomh maith le daoine a bhfuil difríochtaí eile acu amhail NHEA, Disléicse, Diospraicse.

d'fhéadfadh sé a bheith néara-éagsúlach"

### Cleachtas dearbhaithe néara-éagsúlachta

Is cleachtas cuimsitheach é cleachtas dearbhaithe néara-éagsúlachta i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus i gcúram leanaí in aois scoile ina bhfeictear difríochtaí seachas easnaimh. Cruthaíonn sé timpeallacht thacúla, ghlactha agus oiriúnaitheach a thuigeann difríochtaí agus riachtanais gach linbh. Tosaíonn an cleachtas seo le spás sábháilte, croíúil agus fáilteach a chruthú do leanaí néara-éagsúla agus dá dteaghlaigh. Féachann cleachtas dearbhaithe néara-éagsúlachta ar uathachas mar chuid den éagsúlacht dhaonna agus tacaíonn sé leis an leanbh féinaitheantas dearfach a bheith acu.

**Nóta ar theanga agus ar chuimsiú**

Tá teanga agus téarmaíocht tábhachtach do chuimsiú leanaí agus d'fhéadfadh sé athrú le himeacht ama. Tá sé ar cheann de na róil atá ag oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí cúraim leanaí in aois scoile a bheith feasach ar an eolas is déanaí maidir leis an gcineál teanga a úsáidtear. Riail mhaith a d'fhéadfadh a chur i bhfeidhm ná comhairle an ghrúpa éagsúil iad féin a ghlacadh maidir le rogha teanga, mar is minic a bhíonn eagla orainn an rud mícheart a rá nó olc a chur ar dhuine trí thimpiste. Ba chóir dúinn a chur san áireamh an tábhacht a bhaineann le ceist a chur ar theaghlaigh agus de bhaill an phobail cén teanga a úsáideann siad nó is fearr leo.

Tá an treoirleabhar As I Am le fáil anseo:

https://asiam.ie/advice-guidance/resource-library#Autism-and-Language-What-s-the-Right-Word



# 3. Cur Chuige um Chearta Leanaí

Bíonn cearta leanaí i gcroílár obair oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí cúraim leanaí in aois scoile in Éirinn, agus tuigeann siad go bhfuil an ceart ag gach leanbh éispéiris i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus cúraim leanaí in aois scoile atá dearfach, cuimsitheach agus domhain a fháil. Ní mór páirt lárnach a bheith ag cearta leanaí sa chur chuige a ghlactar i suíomh chun suíomh foghlama tacúil a chinntiú do gach leanbh.

Tá gach leanbh uathúil agus iomlán, agus tá tacaíocht ag teastáil ó gach leanbh óg le gach réimse dá bhforbairt. Cuirfidh gach leanbh a bhfuil uathachas orthu iad féin in iúl ar bhealach difriúil agus, mar sin, beidh gá le tacaíochtaí aonair. Tá a lán straitéisí éagsúla ann chun tacú le leanaí scileanna cumarsáide, rannpháirtíochta sóisialta, rialaithe mhothúchánaigh agus fhisiciúil a fhorbairt, agus tá cuid acu leagtha amach sa treoir seo.

# 4. Aistear, Creat Curaclaim na Luath-Óige

*Le hAistear, Creat Curaclaim na Luath-Óige* (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2009), déantar ceiliúradh ar an luath-óige mar thréimhse inar féidir le leanaí taitneamh a bhaint as an saol gan a bheith buartha faoi rud ar bith agus inar féidir leo foghlaim ó éispéiris de réir mar a thagann siad chun cinn, chomh maith le boinn thábhachtacha a leagan síos don fhoghlaim níos déanaí. Cuireann an luath-óige tús le haistear foghlama ar feadh an tsaoil do leanaí.

Cothaíonn *Aistear* dearcadh ar leanaí, naíonáin agus páistí óga mar fhoghlaimeoirí inniúla agus muiníneacha laistigh de chaidrimh ghrámhara agus mheasúla. Tá sé de cheart ag leanaí, naíonáin agus páistí óga rochtain a fháil ar éispéiris agus páirt dáiríre a ghlacadh iontu chun a gcumas mar dhaoine aonair uathúla a bhaint amach.

Tá *Aistear* á nuashonrú ag an CNCM faoi láthair. Fanfaidh na Prionsabail agus na Téamaí mar atá siad ach déanfar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú. Áirítear leis an bpróiseas freisin breithnithe maidir le tacú le *hAistear*, atá beartaithe chun eolas a thabhairt d'fhorbairt ábhar treorach chun tacú le hoideoirí agus iad ag plé leis na Prionsabail agus na Téamaí.

Aithníonn *Aistear* go mbaineann éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú sa i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige le sochaí chothrom a chruthú ina n-aithnítear bacainní agus ina dtugtar aghaidh orthu laistigh de thimpeallachtaí cumhachtacha agus cuimsitheacha. Tugann Aistear cumhacht d'oideoirí na luathbhlianta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- cumais, féiniúlachtaí, riachtanais agus acmhainneacht an linbh a aithint agus meas a bheith acu ar a gceart a bheith páirteach.
- tacaíochtaí a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh sé de chumhacht ag an leanbh páirt a ghlacadh agus rannchuidiú ar bhealach fiúntach.
- éachtaí an linbh a aithint agus a cheiliúradh ag gach aois agus céim dá bhforbairt.

# 5. Suíomh Cuimsitheach a Chruthú

Is é an chéad chéim chun tacú le leanaí agus lena dteaghlaigh ná suíomh cuimsitheach a chruthú. Tosaíonn sé seo leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann ag roinnt agus na luachanna is mian leo a chur san áireamh sa tseirbhís a chomhaontú. Treoróidh sé seo a gcleachtas agus a soláthar do leanaí, dá dteaghlaigh agus don phobal i gcoitinne.

Tá roinnt acmhainní ar fáil chun tacú le cleachtais chuimsitheacha a fhorbairt i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí in Aois Scoile in Éirinn:

- Forbraíodh an Chairt agus na Treoirlínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú chun tacú le hearnáil chúram agus oideachas na luath-óige, agus í a threorú agus a chumasú chun fócas éagsúlachta, comhionannais agus cuimsithe a sholáthar don chleachtas agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Tá an Chairt agus na Treoirlínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú le fáil anseo: https://assets.gov.ie/38186/c9e90d89d94b41d3bf00201c98b2ef6a.pdf

- Tá oiliúint Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe ar fáil do gach ball foirne trí na Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae.
- Is dámhachtain bliana sainchuspóra Leibhéal 6 í an oiliúint Ceannaireachta um Chuimsiú (LINC) d'oideoirí luathbhlianta chun tacú le cuimsiú gach linbh. Cáilíonn an clár oiliúna tosaigh agus leantach FGL seo an céimí chun oibriú mar Chomhordaitheoir Cuimsithe (INCO) laistigh de shuíomh.

Is féidir sonraí ar Chlár LINC a fháil anseo: https://lincprogramme.ie/

## 5.1. Luachanna Cuimsitheacha na Suíomhanna a chur in iúl

Tá bealaí éagsúla ann chun luachanna cuimsitheacha na seirbhíse agus an méid atá i gceist leis sin a chur in iúl don fhoireann, do leanaí agus dá dtuismitheoirí agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile:

- Eolas a sholáthar ar shuíomh gréasáin na seirbhíse agus i lámhleabhar na foirne, ar lámhleabhar na dtuismitheoirí agus ar an ráiteas curaclaim
- Eolas a thabhairt go díreach do thuismitheoirí nuair a thugann siad cuairt ar an tseirbhís den chéad uair nó le linn oícheanta oscailte
- Deiseanna a chruthú do theaghlaigh bualadh lena chéile i rith na bliana
- Coiste tuismitheora a bheith againn chun tacú le hobair na seirbhíse

## 5.2. Ag Tacú leis an Aistriú ón mBaile

Tá sé ríthábhachtach nasc láidir dearfach a chruthú le tuismitheoirí don phróiseas aistrithe do gach leanbh, agus go háirithe do leanaí a bhfuil uathachas orthu. Is iad na tuismitheoirí na saineolaithe ar a leanbh óg agus cabhraíonn caidrimh láidre leis an oiread eolais tosaigh agus is féidir a bhailiú faoin leanbh, faoi chultúr a dteaghlaigh agus faoina dtaitníonn agus nach dtaitníonn leo. Cuirfidh fáilte mhór le teachtaireachtaí dearfacha faoi bheartas néaradhearbhaithe an tsuímh an teaghlach go mór ar a suaimhneas. Tá tabhairt isteach de réir a chéile riachtanach chun ligean don leanbh aithne a chur ar an tseirbhís agus ar an bhfoireann. B’fhéidir gur mhaith leis an leanbh bréagán nó rud eile a chabhródh leis an aistriú a thabhairt leo ón mbaile. D’fhéadfadh gníomhaíocht bhalla an teaghlaigh, a mhínítear sa Chairt agus Treoirlínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú, nó leabhar aistrithe pearsanta a bheith úsáideach chun tacú le haistriú rathúil.



## 5.3. An Cur Chuige Eochar Duine

Cinntíonn an cur chuige eochair duine go sanntar duine ainmnithe don leanbh atá freagrach go príomha as dlúthchaidreamh a chruthú leo. Is é an eochair duine an pointe teagmhála don teaghlach agus oibríonn siad i gcomhpháirtíocht leis an teaghlach.

Leis an gcur chuige seo, bíonn caidreamh tábhachtach ag oideoir luathbhlianta nó cleachtóir cúraim leanaí in aois scoile le líon beag leanaí. Tá an cur chuige eochair duine dírithe go príomha ar na caidrimh agus ar an gcumarsáid idir oideoir/ cleachtóir, tuismitheoirí agus leanaí. Tacaíonn caidreamh slán le duine amháin i tacaíochtaí cúraim comhroinnte le folláine mhothúchánach leanaí agus cuireann sé ar a gcumas dul i dtaithí ar an suíomh agus a bheith compordach ann. Is féidir leis an gcur chuige seo tacú go mór le leanaí a bhfuil uathachas orthu. Ba chóir méid an ghrúpa agus an cóimheas duine fásta: leanbh i ngrúpa a choigeartú ag brath ar riachtanais na leanaí sa ghrúpa.

Is féidir foilseachán Barnardos ar Chur Chuige Eochair Duine a fháil anseo: https://hdl.handle.net/20.500.13085/188

## 5.4. An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC)

Is é sprioc an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) suíomh cuimsitheach a chruthú, ionas gur féidir le gach leanbh, beag beann ar chumas ná ar riachtanas tacaíochta, leas a bhaint as foghlaim agus cúram na luath-óige ar ardchaighdeán. Baineann an tsamhail é sin amach trí thacaíochtaí uilíocha a sholáthar do shuíomhanna um fhoghlaim agus cúram na luath-óige, agus tacaíochtaí spriocdhírithe a dhíríonn ar riachtanais an linbh aonair, gan diagnóis mhíchumais a bheith ag teastáil.

Is é an fáth nach bhfuil diagnóis riachtanach in SRC ná, i mórán cásanna, go bhféadfadh sé nach mbeadh diagnóis faighte ag leanaí sula bhfreastalaíonn siad ar sheirbhís um fhoghlaim agus cúram na luath-óige. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall nach bhfuil a dtuismitheoirí ar an eolas go bhfuil a leanbh, mar shampla, néara-éagsúil nó toisc nach bhfuil an próiseas diagnóise críochnaithe fós. Tabharfaidh taithí an oideóir luathbhlianta deis dóibh láidreachtaí gach linbh a aithint agus measúnú a dhéanamh ar riachtanais gach linbh oibriú leis na tuismitheoirí agus leis an bhfoireann chun tacú le foghlaim agus forbairt an linbh agus chun cuidiú le bacainní ar chuimsiú a bhaint.

**Faoi láthair, tá SRC ceangailte leis an gclár COLÓ. Mar sin féin, i gcomhréir le gealltanas sa Chéad 5, tá Straitéis an Rialtais Iomlán do Leanaí, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh, ag tosú i Meán Fómhair 2024, tá SRC á leathnú chun tacú le leanaí atá in aois COLÓ le linn am lasmuigh den chlár COLÓ (sa téarma agus as téarma).**

### Tacaíonn Tús Níos Fearr le SRC

Soláthraíonn Tús Níos Fearr tacaíochtaí spriocdhírithe a chuidíonn le leanaí aonair faoi mhíchumas rochtain a fháil ar a réamhscolaíocht áitiúil agus páirt dáiríre a ghlacadh sa chlár COLÓ. Soláthraíonn foireann náisiúnta Speisialtóirí Luathbhlianta SRC sainchomhairle oideachais agus meantóireacht d'oideoirí réamhscoile chun tacú le cuimsiú leanaí.

Is féidir tuilleadh eolais ar SRC a fháil anseo: https://aim.gov.ie/

Is uirlis an-úsáideach é SRC 'Mo Phlean Cuimsithe' d'oideoirí agus iad ag forbairt spriocanna agus gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le forbairt linbh agus tá sé le fáil anseo: https://aim.gov.ie/app/uploads/2021/08/Access-and-Inclusion-Plan-My-Inclusion-Plan.pdf



# 6. Ag Tacú le Tuismitheoirí

Nuair a thosaíonn tuismitheoirí a thuiscint ar dtús go bhféadfadh a leanbh a bheith néara-éagsúil, d'fhéadfadh sé a bheith deacair dóibh dul i ngleic le difríochtaí a linbh agus cad a chiallóidh na difríochtaí sin d'fhorbairt a linbh. Tá comhpháirtíochtaí láidre le teaghlaigh riachtanach ag an am seo go háirithe do thuismitheoirí a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil uathu le rannpháirtíocht, le foghlaim agus le forbairt a linbh. Uaireanta bíonn sé dúshlánach fios a bheith agat conas dul i ngleic leis na comhráite sin agus cad ba cheart a rá agus cúiseanna imní á roinnt agat, agus iarracht a dhéanamh gan an iomarca míshuaimhnis a chruthú do thuismitheoir an linbh nó d'oideoirí na luathbhlianta. Ní ról na hoideoir luathbhlianta leanaí a lipéadú nó diagnóis a mholadh le haghaidh leanaí.

Léiríonn taighde go mbíonn torthaí acadúla agus sóisialta níos fearr ag gach leanbh, lena n-áirítear leanaí a bhfuil uathachas orthu, nuair a oibríonn oideoirí agus tuismitheoirí le chéile. Cuireann comhroinnt leanúnach faisnéise trí chumarsáid éifeachtach laethúil agus cruinnithe rialta ar chumas tuismitheoirí agus oideoirí feidhmiú mar fhoireann, ag obair le chéile chun tacú leis an leanbh.

Le diagnóis nó gan diagnóis, is é príomhchúram an oideoir luathbhlianta, agus go deimhin príomhchúram an chleachtóra cúraim leanaí in aois scoile, freastal ar riachtanais foghlama agus cúraim an linbh.

Is féidir treoir Barnardos d'oideoirí luathbhlianta agus imní forbartha á roinnt acu le tuismitheoirí a fháil anseo: https://hdl.handle.net/20.500.13085/398

B'fhéidir gur mhian le tuismitheoirí agus caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an Líne Faisnéise As I Am um Uathachas: https://asiam.ie/contact#autism-information-line

# 7. Straitéisí chun Tacú le Leanbh a bhfuil Uathachas orthu

Is é an straitéis aonair is fearr chun tacú le haon leanbh ná dearcadh dearfach a bheith acu orthu agus ar a gcumas. Is é an chéad chéim eile ná ullmhú chun tacú leis an leanbh aonair. Is éard atá i gceist leis seo ná an fhoireann a bheith ag obair le chéile, an timpeallacht a ullmhú i gceart don leanbh, dul i mbun foghlama gairmiúla ábhartha agus teacht ar thuairimí cuspóireacha ar an leanbh agus iad sa suíomh. Ba cheart d'oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí aois scoile rochtain a lorg ar líonraí oiliúna, comhairliúcháin agus tacaíochta piaraí chun cabhrú le cleachtóirí dul i ngleic le cásanna casta. Is áit mhaith iad speisialtóirí SRC Tús Níos Fearr le tosú agus tacaíocht á lorg acu.

Nuair a théann leanbh isteach i suíomh den chéad uair, tosóidh oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí aois scoile spéiseanna, láidreachtaí agus riachtanais an linbh a thabhairt faoi deara, chomh maith leis na nithe is maith leo. Cruthófar an pictiúr seo i gcomhréir le tuismitheoirí. Tacóidh an t-eolas seo leis an bhfoireann timpeall an linbh chun rannpháirtíocht fhiúntach an linbh a phleanáil, a cháipéis agus chun tacú léi. Ba chóir aird a thabhairt ar iompar an linbh agus iad ag teacht le chéile mar d'fhéadfadh baint a bheith acu leis an athrú ar an timpeallacht nua. Mar is amhlaidh le gach iompar, is féidir leis a bheith ina mhodh cumarsáide.

Seo thíos eolas ar chur i láthair coitianta a mbeidh taithí ag oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí cúraim leanaí in aois scoile orthu chomh maith le straitéisí chun tacú le leanaí trí úsáid a bhaint as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí.

## 7.1. Próiseáil Chéadfach

Áirítear ar na cúig chéadfa radharc (súile), éisteacht (cluasa), blas (blastacht), boladh (boltanach), agus tadhall (craiceann). Mar sin féin, tá trí chéadfa eile ann freisin: an chéadfa chuasánach (eolas faoi ghluaiseacht agus suíomh an chinn) an chéadfa féinghabhálacha (eolas faoinár gcorp/feasacht coirp) agus ionghabhdóireacht (tagraíonn sé seo do mhothúcháin a bhaineann le riocht fiseolaíoch/fisiciúil an choirp. Is braiteoirí inmheánacha iad ionghabhálaithe a thugann tuiscint ar conas a mhothaíonn ár n-orgáin inmheánacha. Samplaí d'ionghabhdóireacht iad ocras agus tart).

De réir mar a fhásann leanbh agus a thosaíonn siad ag fiosrú a dtimpeallacht, foghlaimíonn siad eolas a thabhairt faoi deara óna gcéadfaí ar dtús, ansin é a phróiseáil agus ansin freagairt go cuí. Tugtar Próiseáil Chéadfach air sin.

Is éard is Próifíl Chéadfach ann ná cur síos ar riachtanais uathúla céadfacha an linbh. Trí phróifíl chéadfach aonair an linbh a thógáil, forbrófar tuiscint na hoideoirí luathbhlianta ar na tacaíochtaí comhshaoil a theastaíonn ón leanbh chun a gcuid foghlama agus cúraim a chumasú.

D'fhéadfadh go mbeadh cuma rómhothálach agus/nó neamh-mhothálach ar leanaí a mbíonn deacrachtaí acu eolas óna gcéadfaí a phróiseáil nó a dhéanann an t-eolas sin a phróiseáil ar bhealach difriúil. Is féidir le heispéireas céadfach linbh luainiú idir ró-/neamh-mhothálach ag brath ar léirmhíniú lárchóras na néaróg ar chomharthaí nó ar shábháilteacht/bagairt ón timpeallacht. Féach an tábla thíos.

| | | |
|---|---|---|
| **Rófhreagrach** | • Tugann an leanbh faoi deara go tapa faisnéis a fuarthas óna gcéadfaí nó bíonn siad an-eolach.<br>• D'fhéadfadh rud beag a bheith ina rud mór do leanbh atá rómhothálach. | D'fhéadfadh go mbeadh ceann de na nithe seo a leanas i gceist le leanaí atá rómhothálach d'fhaisnéis chéadfach:<br>**Íogair ó thaobh na gCéadfaí de**<br>• Faigheann an leanbh faisnéis ó na céadfaí gan deacracht ar bith ach ní féidir leo iad féin a bhaint den chás.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag torann, solas nó tadhall ar an leanbh mar shampla.<br>**Seachantóir na gCéadfaír**<br>• Faigheann an leanbh faisnéis ó na céadfaí gan deacracht ar bith freisin ach seachnaíonn siad éispéiris go gníomhach.<br>• Féadfaidh an leanbh tadhall a sheachaint, cásanna ina bhfuil go leor ar siúl, fuaimeanna arda, bianna a bhfuil uigeacht áirithe acu. |

| | | |
|---|---|---|
| **Neamh-mhothálach** | • Is cosúil nach dtugann an leanbh an fhaisnéis a fhaigheann siad ó na céadfaí faoi deara agus ní dhéanann siad an fhaisnéis sin a phróiseáil ar bhealach rómhaith.<br>• Is minic a lorgaíonn an leanbh ionchur céadfach breise nó b'fhéidir go mbeadh tacaíocht ó dhaoine eile ag teastáil uathu chun ionchur céadfach a thabhairt faoi deara i gceart. | D'fhéadfadh ceann amháin de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na leanaí nach mbíonn mothálach go leor d'fhaisnéis chéadfach:<br>**Cuardaitheoir na gCéadfaí**<br>• Féadfaidh leanbh a bheith i gcónaí gníomhach, féadfaidh siad earraí neamhbhia a choganta agus greim a bhaint astu, féadfaidh siad taitneamh a bhaint as a bheith ag titim de phlab agus ag léim agus is minic go mbíonn deacracht acu suí go ciúin.<br>**Mall chun Ionchur Céadfach a Thuiscint i gCeart**<br>• D'fhéadfadh go mbeadh dúiseacht íseal i gceist le leanbh, d'fhéadfaidís éirí tuirseach go héasca, d'fhéadfadh go mbeadh an chuma orthu go bhfuil siad mall chun freagairt agus mall chun freagairt d'fhaisnéis ina dtimpeallacht, d'fhéadfadh cuma chiotach a bheith orthu, d'fhéadaidís buaileadh i gcoinne rudaí. |

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le gach leanbh iad féin a chur i láthair ar bhealach difriúil. Is féidir le cuid acu a bheith rómhothálach do thadhall agus seachnaíonn siad éadaí fáiscthe a chaitheamh ach d'fhéadfaidís a bheith rómhothálach do ghluaiseacht freisin agus an chuma orthu go mbíonn siad i gcónaí gníomhach. D'fhéadfadh sé a bheith deacair, mar shampla, cosantóirí cluaise a chur ar leanbh óg toisc go bhféadadh tadhall cur isteach orthu, cé go mbainfidh an leanbh leas as an laghdú ar thorann mar gheall ar a n-íogaireacht i leith torainn. Sa sampla seo, má thugtar isteach na cosantóirí cluaise go mall agus diaidh ar ndiaidh, rachaidh an leanbh i dtaithí ar an mothúchán agus éireoidh siad compordach leis.

Is féidir modúl FGL ríomhfhoghlama ar phróiseáil chéadfach a fháil anseo: https://www.betterstart.ie/for-elc/learning-and-development/

Is féidir bileog a d'fhorbair Teiripeoirí Saothair FSS ina bhfuil leideanna agus straitéisí cabhracha a fháil anseo: https://www.hse.ie/eng/services/list/1/lho/corknorthlee/therapy/paediatric-occupational-therapy/sensory-processing.pdf

*Féach thíos le haghaidh bealaí inar féidir leat cabhrú le himní i leanaí a laghdú trí thacaí céadfacha a sholáthar.*

## 7.2. Stuimeáil

Is cineál iompair féinrialála é iompraíochtaí féinspreagthacha nó "stuimeáil" a bhaineann go minic le hiompraíochtaí, gluaiseachtaí nó torann athchleachtach. D'fhéadfadh go mbeadh rud éigin cosúil le bheith ag léim ó chos amháin go cos eile, focal nó frása a athrá, lámha a bhualadh nó rud éigin níos caolchúisí amhail a bheith ag méaraíocht lena gcuid gruaige a bheith i gceist le stuimeáil. Is minic gur iompar féinshuaimhneasach, rialála agus taitneamhach é seo nó d'fhéadfadh sé a bheith ina bhealach do leanbh neamhbhriathartha sceitimíní, áthas, rannpháirtíocht, imní nó buairt a chur in iúl. De réir mar a chuireann oideoir luathbhlianta nó cleachtóir cúraim leanaí in aois scoile aithne ar an leanbh, beidh siad níos feasaí ar na rudaí a chuireann isteach ar leanbh, agus is féidir leo na nithe sin a bhaint agus cabhrú leis an leanbh comhrialú, mar shampla, trí análú le chéile.

**Tá iompraíochtaí stuimeála an-úsáideach do leanaí a bhfuil uathachas orthu agus níor chóir breathnú orthu i bhfianaise dhiúltach. I gcás go leor daoine néara-éagsúla, freastalaíonn stuimeáil ar fheidhm thábhachtach féinrialála chun cabhrú le hionchur céadfach a bhainistiú.**

I gcás leanaí a bhfuil uathachas orthu agus atá an-ghoilliúnach d'fhaisnéis chéadfach, is féidir le stuimeáil barraíocht chéadfach a laghdú toisc go ndíríonn sé a n-aird ar rud amháin ag aon uair amháin. I gcás leanaí a bhfuil uathachas orthu agus nach bhfuil goilliúnach go leor, is féidir le stuimeáil céadfaí 'neamhghníomhach' a spreagadh.

Is féidir iompraíochtaí níos sábháilte a chur in ionad freagraí struis amhail greim a bhaint asat féin nó bualadh. D'fhéadfadh gnéithe den timpeallacht, ionchais shóisialta nó easpa eolais agus tuisceana stuimeáil ar leith a dhéanamh níos dúshlánaí go neamhbheartaithe. Ní chiallaíonn sé sin i gcónaí go bhfuil athrú tagtha ar bhunriachtanais an linbh. Agus comhbhá á léiriú acu, is féidir leis an bhfoireann oibriú chun bealaí tacaíochta a aithint dóibh chun folláine a choinneáil. Mar shampla, d'fhéadfadh iompar ionaid a bheith i gceist leis an leanbh a threorú chuig balla céadfach a chruthaigh tú agus a bhfuil meascán d'uigeachtaí agus d'ábhair

éagsúla a d'fhéadfadh an leanbh a lámh a leagan orthu. D'fhéadfadh go mbeadh rochtain ag an leanbh freisin ar bhosca nó ar chiseán de bhréagáin chéadfacha a roghnaigh siad amhail bréagáin puití teiripe nó bréagáin mhéire chun cabhrú le rialáil.

Is féidir eolas faoi bhréagáin mhéire agus nithe a d'fhéadfadh tacaíocht chéadfach a thabhairt do leanaí a bhfuil uathachas orthu a fháil anseo: http://asiam.ie/wp-content/uploads/2024/01/AsIAm-Autism-Town-Fidget-Guide.pdf

## 7.3. Súgradh agus Leanbh a bhfuil Uathachas orthu

Is ceart bunúsach na hóige é am agus spás le haghaidh súgartha. Is é an súgradh meán foghlama an linbh agus tarlaíonn cuid mhór de luathfhorbairt an linbh trí chineálacha súgartha éagsúla. Cuireann súgradh le folláine fhisiceach, chognaíoch, shóisialta agus mhothúchánach an linbh. Tugann súgradh deiseanna do gach leanbh lena n-áirítear leanaí a bhfuil uathachas orthu a bheith gníomhach go fisiciúil, fadhbanna a fhiosrú, a iniúchadh agus a réiteach, a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht a úsáid agus taithí a fháil ar idirghníomhaíochtaí sóisialta.

I ngach suíomh um fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus um chúram leanaí in aois scoile ba chóir go mbeadh deiseanna súgartha ann atá faoi stiúir an linbh agus a roghnaítear go héasca do gach leanbh. Níl aon bhealach ceart nó mícheart le súgradh. Bíonn go leor leanaí néara-éagsúla ag gabháil do roghanna súgartha atá athchleachtach nó is fearr leo súgradh comhuaineach, ag súgradh in aice le leanbh eile nó in éineacht le leanbh eile. Le himeacht ama, féadfaidh an leanbh teagmháil a thionscnamh agus tosú ag súgradh le leanbh eile nó le duine fásta a bhí ag súgradh in aice leo. Dá lú an brú a chuirtear ar an súgradh, is mó an seans go mbainfidh an leanbh taitneamh as.

Agus tú ag obair le leanaí a bhfuil uathachas orthu, tá sé tábhachtach a aithint go bhféadfadh bealach difriúil a bheith i gceist le súgradh i gcomparáid le hionchais néaraitipiciúla agus go mbaineann luach iontach leis fós. Trí leanaí a bhfuil uathachas orthu a bhreathnú agus iad ag súgradh, is féidir linn láidreachtaí uathúla gach linbh a thuiscint agus na láidreachtaí sin a chothú. Bunaithe ar an bhfaisnéis ó bhreathnuithe, áirítear le roinnt féidearthachtaí:

- D'fhéadfadh súgradh céadfach le nithe amhail uisce, gaineamh cinéiteach, agus/nó boilgeoga a bheith éifeachtach chun éispéiris féinrialaithe suaimhneacha a sholáthar do roinnt leanaí

- Is féidir le taiscéalaíocht atá dírithe ar rud amháin nó ar uigeacht fiosracht linbh a chothú gan éilimh shóisialta.
- Is féidir le gníomhaíochtaí tógála/eagraíochta aonair cur le cruthaitheacht agus scileanna réiteach fadhbanna an linbh a chothú.
- Tugann súgradh comhuaineach le daoine eile meas ar riachtanais spáis agus ceadaítear leis breathnú ar mhúnlú sóisialta.
- Na healaíona cruthaitheacha amhail scéalaíocht,

Is féidir le leanaí níos sine taitneamh a bhaint as:

- Súgradh bunaithe ar spéis arna a dhéantar iniúchadh air trí eagarthóireacht físeáin, bailiú, ceol etc.
- Teicneolaíocht a thacaíonn le foghlaim fhéintreoraithe trí aipeanna/ cluichí idirghníomhacha.
- Na healaíona cruthaitheacha amhail grianghrafadóireacht nó ceol, ag baint leas as forbairt shamhlaíoch.

Míníonn Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin:

*"Tuigtear go forleathan go mbíonn leanaí a bhfuil uathachas orthu ag súgradh ar bhealaí éagsúla ó thaobh forbartha súgartha agus na cineálacha súgartha is fearr de. Toisc go mbíonn cuma dhifriúil ar an gcaoi a mbíonn siad ag súgradh i gcomparáid leis an gcaoi a mbíonn leanaí nach bhfuil uathachas orthu ag súgradh, is féidir leis a bheith ina ábhar imní do thuismitheoirí agus d'oideachasóirí uaireanta. Mar gheall air sin, d'fhéadfaí iarracht a dhéanamh an chaoi a n-imríonn leanaí a bhfuil uathachas orthu a athrú ionas go mbeadh sé níos "oiriúnaí", ach má athraímid súgradh uathachais chun a bheith níos néaraitipiciúla, ní chuimsítear é sa sainmhíniú ar shúgradh a thuilleadh. Ní bhíonn sé spreagtha ann féin, féinroghnaithe ná féintreoraithe a thuilleadh. Go deimhin, d'fhéadfadh brú a chur ar shúgradh ar bhealach neamh-uathachais a bheith ina cheacht luath do leanaí a bhfuil uathachas orthu go gcaithfidh siad a bhféiniúlacht, a spéiseanna agus fiú a míchompord féin a cheilt. Agus leanbh nó duine óg a bhfuil uathachas orthu a spreagadh chun a bheith ag súgradh, ní mór díriú ar a gcuid mianta, a spéiseanna agus a roghanna"..*

Nasc chuig cur síos ar shuíomh gréasáin Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin ar uathachas agus súgradh: https://outdoor-play.middletownautism.com/background/autism-and-play/

Treoir ar Seo Linn ag Súgradh

Tá an treoir seo maidir le súgradh a chruthaigh an fhoireann ag As I Am an-oiriúnach do chleachtas um fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus um chúram leanaí in aois scoile. Cuimsíonn sé acmhainní praiticiúla agus smaointe agus is féidir iad a roinnt le tuismitheoirí freisin. Naisc chuig Seo Linn ag Súgradh https://cdn.prod.website-files.com/6537ebfefba7b3c24a18e646/6630d0ca542cf301ab4bac5e_AsIAm%20digital%20play%20resource%20April%202024%20-%20smaller-min.pdf

Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach leanbh chun súgradh a dhéanamh ar an mbealach a oireann dóibh.

Tá roinnt bealaí inar féidir le hoideoirí luathbhlianta agus le cleachtóirí cúraim leanaí in aois scoile tacú le súgradh leanaí, lena n-áirítear:

- A chinntiú go bhfuil an t-am agus an spás ag an leanbh le bheith tumtha sa chineál súgartha a roghnaíonn siad.
- Ag fanacht in aice láimhe agus a chur in iúl go bhfuil spéis agat sa mhéid atá á dhéanamh acu ach gan cur isteach.
- An rud céanna leis an leanbh a dhéanamh chun spéis a léiriú ach gan cur isteach orthu.
- Súgradh a mhapáil agus próifíl súgartha a chruthú: Bealach maith chun aithne a chur ar na cineálacha súgartha atá roghnaithe ag an leanbh ná iad a bhreathnú i rith na seachtaine agus léarscáil a tharraingt de na spásanna a roghnaíonn an leanbh a bheith ag súgradh agus an trealamh súgartha is fearr leo. Is féidir na spásanna sin a ullmhú agus a fheabhsú le rudaí súgartha a roghnaigh an leanbh nó le spreagadh súgartha.
- Is ceanglas rialála i ngach suíomh é rochtain laethúil a sholáthar ar shúgradh lasmuigh. Beidh buntáiste ollmhór ag baint le súgradh lasmuigh do leanaí a bhfuil uathachas orthu. Trí nascadh leis an dúlra agus le leanaí eile, chomh maith le rochtain ar dheiseanna do shúgradh contúirteach lasmuigh, cuirfear deiseanna breise foghlama ar fáil dóibh.

## 7.4. Aistrithe Laethúla

Is éard atá i gceist le haistrithe laethúla ná gluaiseacht idir spásanna súgartha agus gníomhaíochtaí le linn gnáthlae. Cé go bhfuil sé tábhachtach do gach leanbh ullmhú d'athrú agus déileáil leis, baineann tábhacht ar leith leis do leanaí a bhfuil uathachas orthu mar go bhféadfadh athruithe ar a dtimpeallacht agus ar a ngnáthamh cur

isteach go mór orthu nó strus a chur orthu. D'fhéadfadh go mbeadh plean aistrithe ar leith ag teastáil ó roinnt leanaí le go mbeidh siad in ann taitneamh a bhaint as deiseanna súgartha lasmuigh gan srian, mar shampla. D'fhéadfadh gur léiriú amhairc den ghnáthamh laethúil é seo nó am tosaigh leis an gcéad ghníomhaíocht eile aibhsithe.

## 7.5. Áiseanna agus leideanna amhairc

Baineann go leor seirbhísí a oibríonn le leanaí úsáid as cártaí amhairc gnáthaimh laethúla. Is féidir leis an bhfoireann na cártaí sin a dhéanamh iad féin ag baint úsáid as grianghraif a tógadh sa suíomh. Cuidíonn sceidil amhairc a sholáthar i rith an lae le hintuarthacht a bhunú, rud a chabhraíonn le go leor leanaí a bhfuil uathachas orthu a chur ar a suaimhneas.

Is féidir na leideanna agus na háiseanna amhairc sin a chur in oiriúint chun freastal ar shainriachtanais agus roghanna gach linbh néara-éagsúil, ag cothú neamhspleáchais, intuarthachta, agus braistint smachta sa timpeallacht um fhoghlaim agus cúram na luath-óige. I measc samplaí eile de thacaí amhairc tá - físeán, carachtair chartúin roghnaithe ag déanamh tascanna, féilirí amhairc, amadóirí. Lipéadú soiléir ar spásanna, rudaí agus ábhar chun tacú le bealaí a aimsiú.

Is féidir le grianghraif gnáthaimh a léiriú mar am sneaiceanna, ag súgradh taobh amuigh etc. Léiríonn seicheamhú grianghraif ó chlé go deas ord agus amlínte. Féadfaidh tú bord "ar dtús/ansin" a chur san áireamh chun tuiscint ar ghníomhaíochtaí ilchéime a chothú. Léiríonn siad seo an ghníomhaíocht nó cuid den lá atá ag tarlú faoi láthair agus cad a tharlóidh ina dhiaidh sin. Ligeann sé seo do ghnáthamh intuartha ach ní dochta. D'fhéadfadh sampla a bheith i gceist le cárta 'ar dtús' le siombail a léiríonn lámha a ní agus ansin cárta 'ansin' le siombail le haghaidh sneaiceanna a ithe.

Úsáideann scéalta sóisialta íomhánna agus bolgáin simplí téacs nó cainte chun éispéiris nua a normalú. Cuidíonn scéalta le leanaí a ullmhú le haghaidh athruithe ar ghnáthaimh, daoine nach bhfuil aithne acu orthu amhail cuairteoirí chuig an suíomh, nó cásanna a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis imní amhail lón a ithe sa chaifitéire. Múnlaíonn siad iompraíochtaí cuí, glacadh le dearcthaí éagsúla, agus rialáil mhothúchánach.

Déanann tasc-chláir amhairc gníomhaíochtaí ilchéime a bhriseadh síos ina smutáin. Mar shampla, d'fhéadfadh grianghraif le haghaidh céimeanna "gearr," "gliúáil", agus "maisigh" a bheith i gceist le colláis a dhéanamh. Is féidir le leanaí tic a chur le grianghraif agus iad ag críochnú gach cuid de thionscadal. Is fearr le roinnt leanaí boird rogha ina roghnaíonn siad an t-ordú agus is féidir leo dul thar céimeanna chun neamhspleáchas a chur chun cinn.

## 7.6. Spéiseanna Speisialta

Forbraíonn go leor leanaí a bhfuil uathachas orthu spéiseanna speisialta a bhfuil grá mór acu dóibh agus féadfaidh siad eolas domhain a fhorbairt orthu, mar shampla dineasáir, feithiclí, cartún ar leith, grúpa ceoil, scannán nó cluiche. Féadfaidh spéiseanna speisialta maireachtáil ar feadh tréimhse éagsúil ama agus d'fhéadfadh spéiseanna eile teacht chun cinn.

Is féidir spéis ar leith linbh a aithint trí bhreathnú orthu agus trí chumarsáid a dhéanamh leis an leanbh agus leis an tuismitheoir. Cibé spéis ar leith atá ag an leanbh, ba chóir é a spreagadh. Nuair a chuirtear leis an spéis ar leith agus nuair a dhéantar í a leathnú, tacófar le mothú féiniúlachta agus muintearais an linbh. Is féidir le hoideoir luathbhlianta an spéis a úsáid freisin chun an leanbh a chur san áireamh, mar shampla, in am scéalaíochta. B'fhéidir gur mhaith le leanaí níos sine a gcuid eolais ar a spéis ar leith a roinnt le cleachtóir cúraim leanaí in aois scoile roghnaithe. Is comhartha muiníne é seo agus ba chóir go dtógfadh an cleachtóir roghnaithe an t-am chun éisteacht leis an leanbh agus meas a léiriú don mhuinín atá léirithe ag an leanbh. Féadfaidh an leanbh taitneamh a bhaint as bosca nó seilf sainspéise inar féidir leo a gcuid rudaí sainspéise a fhágáil nó a chur ar taispeáint go sábháilte.

Baineann tábhacht an-mhór le spéiseanna speisialta agus is féidir leo compord, muintearas, agus rialáil mhothúchánach a sholáthar don duine aonair. Is féidir leo feidhmiú mar fhoinse féinléirithe agus féiniúlachta agus mar bhealach chun déileáil leis an saol.

# 8. Imní a Laghdú

Is féidir le leanaí a bhfuil uathachas orthu ardleibhéil imní a bheith acu. Cuireann imní nó eagla go mór as an leanbh agus cuireann siad bac ar a bhfoghlaim. Tosaíonn imní a laghdú le tuiscint a fháil ar na cúiseanna a bhaineann leis an imní agus ní bheidh an taithí chéanna ag gach leanbh. D'fhéadfadh athruithe tobanna ar ghnáthamh, timpeallacht nach féidir a thuar nó barraíocht chéadfach a bheith i measc na gcúiseanna coitianta. Trí bhreathnú cúramach, is féidir le hoideoir luathbhlianta nó cleachtóir cúraim leanaí in aois scoile tacú leis an leanbh sula n-ardóidh an imní agus nuair a thosaíonn an leanbh ag léiriú comharthaí de bheith imníoch.
Seo nasc chuig straitéisí bainistíochta imní ó Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin:
http://best-practice.middletownautism.com/approaches-of-intervention/anxiety-management/anxiety-management-strategies/

## 8.1. Sos Céadfach a Sholáthar

D'fhéadfadh éispéiris chéadfacha diana amhail fuaimeanna arda nó soilse geala cur go mór as leanbh. D'fhéadfadh sé cabhrú deis a thabhairt don leanbh sos a ghlacadh ón spreagthacht.

Cuir spás ar fáil inar féidir sos céadfach a sholáthar don leanbh. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa spás seo:

**Soilsiú:** Soilsiú insocraithe a sholáthar a bhfuil solas nádúrtha aige nó ar féidir soilse a ísliú. Mar shampla, spéaclaí gréine nó caipín buaic a thairiscint de réir mar is gá.

**Suíocháin:** Cuir rogha suíocháin ar fáil a d'fhéadfadh cúisíní/málaí pónairí compordacha a chur san áireamh le suí nó dul a luí orthu. (Smaoinigh ar uigeachtaí nach gcuireann isteach ar an leanbh)

**Gníomhaíochtaí suaimhneasach:** Bíodh bréagáin mhéire, liathróidí struis, nó puití teiripe ar fáil le haghaidh ionramháil. Is féidir le leabhair, soláthairtí líníochta, agus gníomhaíochtaí aonair ciúine eile cabhrú le leanaí a mhealladh. Cuir ar chumas leanaí an ghníomhaíocht shuaimhneasach is fearr leo a roghnú agus gníomhaíochtaí a eagrú ar bhealach inrochtana don leanbh

**Fuaimíocht:** Bain úsáid as ábhar fuaime-ionsúite ar bhallaí chun torann a mhúchadh más féidir. Cluasáin cealaithe torainn a thairiscint nó seinnteoir mp3 a bhfuil fuaim shuaimhneasach ag seinm air (e.g. fuaimeanna dúlra). Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas nach mbeadh fuaim atá suaimhneasach do leanbh amháin suaimhneasach do leanbh eile, agus mar sin tá sé ríthábhachtach freagra linbh ar an méid a mheasann siad a bheith suaimhneach a thabhairt faoi deara go cúramach.

**Leideanna ama:** Bain úsáid as amadóir gainimh mar leid amhairc ar feadh na sosanna. Ionchorpraigh an t-amadóir 5 nóiméad chun leid a chur in iúl nuair atá sé in am filleadh ar ghníomhaíochtaí rialta.

**Struchtúr:** Cruthaigh sceideal amhairc le haghaidh rialacha limistéir nó an méid a bhítear ag súil leis i limistéar ar leith. Úsáid múnla spáis chun tuiscint ar cathain/ conas rochtain neamhspleách a chur chun cinn le haghaidh féinrialúcháin.

## 8. Gníomhaíochtaí Céadfacha a thairiscints

Is minic a bhaineann leanaí taitneamh as gníomhaíochtaí céadfacha amhail súgradh le huisce, taos súgartha nó gaineamh chun imní a laghdú agus ba chóir go mbeadh rochtain ag leanaí orthu siúd gach lá. Baineann roinnt leanaí taitneamh as tadhall amhail le scuabadh craiceann le scuab bhog nó as gníomhaíocht amhail boilgeoga a shéideadh. I gcás go leor leanaí, is féidir le hathrú timpeallachta amhail dul lasmuigh a bheith tairbheach.

## 8.3. Rogha a Spreagadh

Spreag an leanbh chun a chur in iúl duit cad ba mhaith leo a dhéanamh, ag fiafraí díobh, mar shampla, 'Feicim go bhfuil tú faoi trína chéile/míshásta mar gheall ar an torann. Ar mhaith leat dul go dtí áit chiúin?' Trí rogha a thabhairt don leanbh, is ag tacú lena neamhspleáchas agus lena gcumas féinrialú atá tú. Is féidir le rogha boird a bheith ar an mballa le léirithe amhairc ar na gníomhaíochtaí is fearr leis an leanbh a bheith úsáideach do gach leanbh lena n-áirítear leanaí neamhbhriathartha chun imní a laghdú. Is féidir le léiriú amhairc a bheith ina rud nithiúil, ina ghrianghraf nó ina líníocht. Is é an príomhchritéar chun an léiriú amhairc a roghnú ná a chinntiú go dtuigeann an leanbh go hiomlán cad atá á léiriú.

## 8.4. Tacú le Féinrialachán

Is scil í féinrialachán a dteastaíonn tacaíocht ó go leor leanaí chun í a fhorbairt. Is é an chéad chéim chun foghlaim conas mothúcháin a rialáil ná iad a aithint. Is féidir le mothúcháin láidre amhail a bheith feargach, mífhoighneach nó fiú róthógtha a bheith scanrúil mura dtuigeann an leanbh cad atá ag tarlú dá gcorp. Is éard is comhrialáil ann ná gníomh croíúil mothálach an duine fhásta nuair a bhíonn leanbh ag streachailt le rialáil. Bíonn ar dhuine fásta rialaithe comhrialáil a léiriú do leanbh arís is arís eile sular féidir leis an leanbh sin féinrialáil. Is éard atá i gceist le comhrialáil ná rialáil shamhaltaithe daoine fásta trí ghníomhaíochtaí ciúine a dhéanamh amhail análú leis an leanbh, an mothúchán a ainmniú, agus gníomhartha a d'fhéadfadh an leanbh a dhéanamh a mholadh amhail an ghníomhaíocht is fearr leo nó roinnt ama a chaitheamh ag súgradh lasmuigh.

## 8.5. Timpeallacht Intuartha Shocair a Chruthú

Bíonn sé níos éasca do leanaí óga foghlaim i dtimpeallacht intuartha shocair. Tá sé sin fíor do leanaí a bhfuil uathachas orthu go háirithe. Tosaíonn sé seo le hoideoir luathbhlianta intuartha socair nó cleachtóir cúraim leanaí in aois scoile. Is gnéithe ríthábhachtacha iad an glór a úsáideann an duine fásta, chomh maith le hairde a ngutha, chun an timpeallacht sin a chruthú.

Ba chóir aird a thabhairt freisin ar dhath an spáis súgartha. D'fhéadfadh barraíocht chéadfach a bheith mar thoradh ar spásanna atá rógheal, agus is fearr toin dathanna neodracha. Seachain ró-úsáid taispeántas nó póstaer ar bhallaí a d'fhéadfadh a bheith tarraingteach ó thaobh amhairc de. Cuidíonn spásanna dea-eagraithe, saor ó thranglam freisin chun timpeallacht shocair a chruthú. Ba chóir gach píosa troscáin agus gach bréagán a roghnú go cúramach agus meas a léiriú orthu. Ag deireadh gach seisiúin ba chóir an spás a ghlanadh agus a chur ar ais go dtí a staid eagraithe réidh do na leanaí an lá dár gcionn.

Tá treoir dearaidh uilíoch forbartha ag an RLCMLÓ maidir le conas spásanna ciúine, inléite agus sainiúla a chruthú a thacaíonn le foghlaim agus cúram na Luath-Óige.
https://aim.gov.ie/aim-supports/universal-design-guidelines/



## 8.6. Tacaíocht a thabhairt do Leanaí le Mascadh

Bíonn dúshláin ar leith roimh leanaí néara-éagsúla nuair a dhéanann siad iarracht, go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach, meascadh le daoine eile, nó 'mascadh', in áiteanna amhail ar scoil. D'fhéadfadh go mbeadh an lá scoile caite ag leanaí a bhfuil uathachas orthu cur stuimeáil faoi chois, agus ag iarraidh dul i ngleic le cásanna céadfacha agus sóisialta, agus b'fhéidir go mbeadh tacaíocht de dhíth orthu le dímhascadh nuair a shroicheann siad a gcúram leanaí in aois scoile. D'fhéadfadh go mbeadh mothúcháin mhóra ag leanaí a bhfuil uathachas orthu atá ag freastal ar chúram leanaí in aois scoile nach mór dóibh a chur in iúl nuair a thagann siad chuig an tseirbhís tar éis am scoile. Tá cur síos déanta ag roinnt leanaí ar an gcaoi a mothaíonn siad nuair a chríochnaíonn siad an scoil mar dheoch shúilíneach a rinneadh a chroitheadh agus a baineadh an caipín de.

Is féidir leis an gcleachtóir cúraim leanaí in aois scoile oibriú leis an leanbh ar straitéisí a chuideoidh leo dímhascadh a dhéanamh amhail a gcuid éadaigh a athrú, am a chaitheamh ina n-aonar i spás ciúin nó roinnt ama a chaitheamh ar ghléas leictreonach dá rogha féin. Nuair a mhínítear do leanaí teachtaireachtaí dearfacha féindhearbhaithe a chleachtadh agus nuair a oibrítear le chéile chun cultúr a chruthú ina ndíríonn gach duine sa tseirbhís ar na rudaí is fearr faoina chéile, cuireann sé go mór le féinmheas na leanaí.

## 8.7. Soláthar a dhéanamh d'Imeascadh Fisiciúil

D'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag leanaí a bhfuil uathachas orthu a bheith feasach ar a gcorp agus conas a oibríonn na codanna éagsúla le chéile. Is féidir le tascanna fisiceacha a bheith ina mbealach an-úsáideach agus spraíúil do leanaí chun muinín sa chorp a fhorbairt agus chun tacú le himeascadh céadfach. Sa straitéis seo, socróidh an t-oideoir luathbhlianta nó an cleachtóir cúraim leanaí in aois scoile tasc dianoibre roimh ré. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo brící adhmaid, lomáin bheaga nó cláir bheaga a bhogadh ó áit amháin go háit eile, nó gaineamh nó ithir a thochailt lasmuigh. I measc na smaointe eile tá crúiscíní uisce a dhoirteadh ó thobán amháin go ceann eile. D'fhéadfadh deiseanna eile a bheith ann d'obair chrua agus d'fhoghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn an corp agus an inchinn le chéile le socrú, le glanadh suas agus le scuabadh.

Tugann obair fhisiciúil deis freisin do leanaí a bhfuil uathachas orthu oibriú in éineacht le leanaí eile agus caidrimh a bhunú. Cothaítear muinín agus muintearas má chuirtear an leanbh i ngrúpa a chuireann tasc crua i gcrích le chéile agus a dtugtar moladh dóibh as an tasc a chríochnú.

## 8.8. Teagasc Intinneach

Chun na spriocanna atá leagtha amach i 'Mo Phlean Cuimsithe' an linbh a bhaint amach, d'fhéadfadh go mbeadh gá le teagasc intinneach. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar na spriocanna sin, mar shampla, oiliúint leithris, freastal ar chóisir lá breithe, cuairt ar Dhaidí na Nollag nó aistriú chuig an scoil. Comhaontófar spriocanna an teagaisc intinnigh chomh maith leis an bplean oibre agus an modh oibre, leis na tuismitheoirí sula dtosóidh siad agus nuair is cuí leis an leanbh. Oibríonn pleananna ar bhealach níos fearr nuair a ghlactar an cur chuige céanna sa bhaile.

Nuair is féidir, ba cheart toiliú agus rannpháirtíocht leanaí a lorg agus a spreagadh.



## Scéalta sóisialta

Modh coitianta amháin i dteagasc intinneach leanaí a bhfuil uathachas orthu ná Scéalta Sóisialta a úsáid. Is bealach é Scéalta Sóisialta a úsáid chun céimeanna aonair a bhriseadh síos le léirithe amhairc chun cabhrú le faisnéis a chur in iúl faoi chás, scil nó coincheap ar bhealach atá fiúntach don leanbh. Is féidir Scéalta Sóisialta a úsáid le haon leanbh nó grúpa. Is scéalta gearra simplí iad a bhriseann síos cás, scil, imeacht nó iompar i gcéimeanna níos lú trí úsáid a bhaint as rudaí, íomhánna agus/nó téacs chun tacú le tuiscint an linbh. Is féidir leo cabhrú le leanaí a ullmhú le haghaidh cásanna dúshlánacha nó cásanna nach bhfuil taithí acu orthu.

Tá an bhileog leideanna Tús Níos Fearr ar úsáid Scéalta Sóisialta™ le fáil ag: Bileog Leideanna ar Aistrithe: Ag Tacú le hAistriú do Linbh go Bunscoil - Tús Níos Fearr

Is éard atá i gceist le go leor straitéisí foghlama ná an gníomh a bhriseadh síos ina chéimeanna éasca amhail treoracha a theagasc le hamhrán mar amhrán aistrithe glanadh suas, foláirimh éisteachta agus/nó amhairc a thabhairt, agus sceidil/leideanna amhairc a úsáid a ligeann don leanbh na céimeanna atá i gceist a fheiceáil, mar shampla, agus a lámha á ní agus á dtriomú acu, agus a mbosca lóin á bhfáil acu nó agus a gcuid bróga á gcur acu orthu.

Féach ar mhodh Montessori ‘Poill Choinín’ chun leanaí a mhúineadh a gcóta a chur orthu féin, modh é a mbaineann go leor leanaí taitneamh as.

# 9. Cumarsáid agus Forbairt Teanga

Is éard atá i gceist le tacú le cumarsáid agus forbairt teanga le leanaí an-óg ná cur chuige iomlán cumarsáide a ghlacadh. Tá sé sin tábhachtach go háirithe do leanaí a bhfuil uathachas orthu. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as gotha gnúise, comharthaíocht coirp, gothaí, comharthaí, fuaimeanna, siombailí, teanga scríofa, pictiúir, nithe tagartha agus áiseanna leictreonacha.

Tá éagsúlacht leathan i gceist le forbairt teanga leanaí óga agus is féidir leis a bheith mar príomhdhúshlán do leanaí a bhfuil uathachas orthu. Is é an bealach is fearr chun forbairt teanga a spreagadh i ngach leanbh ná:

- Dul i mbun comhráite ar rudaí a bhfuil spéis ag an leanbh iontu
- Caitheamh leis an leanbh mar chainteoir. Labhair, fág bearna le haghaidh freagra, agus labhair arís
- Léigh scéalta a chuimsíonn an leanbh agus a gcuid spéiseanna
- Fan, ná bí ag súil le riachtanais an linbh. Lig dóibh méar a shíneadh nó gothaí a úsáid
- Cuir srian le ceisteanna agus déan iarracht gan aon bhrú a chur ar an leanbh
- Tabhair tráchtaireacht ar shúgradh an linbh
- Spreag an leanbh go socair trí athrá a dhéanamh má deir an leanbh focal
- Oibriú leis na tuismitheoirí chun tacú le comhthuiscint ar chuir chuige comhaontaithe
- Déan gach iarracht onóir a thabhairt don chumarsáid agus déan agus é a spreagadh ar bhealach suaimhneach

Agus tú ag tacú le leanaí a bhfuil uathachas orthu, go háirithe leanaí in aois scoile, cuir modhanna cumarsáide aonair san áireamh agus glac le cur chuige iomlán cumarsáide.

> Éiríonn le tacú le cumarsáid ar an mbealach is fearr nuair a thógann sé ar láidreachtaí an linbh i dtimpeallacht dhearfach spreagúil.

### Próiseáil teanga Gestalt

Tá dhá phríomhtheoiric ann maidir le conas a fhoghlaimíonn leanbh teanga — forbairt teanga anailíse agus forbairt teanga Gestalt. Is aistear forbartha teanga í teanga anailíseach ina bhfoghlaimíonn leanbh focail aonair, agus frásaí dhá fhocal ina dhiaidh sin, as a dtagann abairtí ilfhoclacha ar deireadh. Is éard atá i gceist le forbairt teanga Gestalt ná nuair a thosaíonn leanbh ag foghlaim Gestalt, nó smutáin teanga, agus ansin foghlaimíonn siad conas na comhfhocail sin a bhriseadh síos chun frásaí bunaidh a fhoirmiú. Is próiseálaithe teanga Gestalt (PTGanna) iad go leor leanaí a bhfuil uathachas orthu, rud a chiallaíonn go bhfoghlaimíonn siad teanga i smutáin/ Gestalt a bhfuil ceangal mothúchánach acu leo. Is bealach nádúrtha é seo chun teanga a fhorbairt níl sé chomh haitheanta leis na bealaí eile agus toisc gur bealach difriúil é, bheadh cuid de na straitéisí difriúil freisin. Maidir le próiseálaithe teanga Gestalt, is é macallacht an chéad chéim i bhforbairt nádúrtha teanga an linbh sin..

### Freagra a thabhairt ar mhacallacht

Is éard is macallacht ann ná focail nó frásaí a chuala an leanbh a bhfuil uathachas orthu agus a úsáideann an leanbh sin as comhthéacs ina dhiaidh. Cé nach cosúil uaireanta go bhfuil baint ag an méid a deir siad lena ngníomhartha reatha, ba cheart freagairt dóibh i gcónaí toisc gur iarracht cumarsáid a dhéanamh iad. Má bhreathnaíonn siad go cúramach ar an leanbh, tuigfidh oideoir cathain a bhíonn an mhacallacht in úsáid ag an leanbh, mar shampla, chun iad féin a chur ar a suaimhneas, sceitimíní a léiriú, iarratais a dhéanamh, tá nó níl a rá. Ba chóir d'oideoirí luathbhlianta freagairt don leanbh agus an méid a deir siad a admháil trína dteanga a athrá, a mhíniú nó a leathnú.

Is féidir le féinléiriú tarlú freisin trí stuimeáil éisteachta. Mar is amhlaidh le haon stuimeáil, comhlíonann athrá feidhmeanna rialála tábhachtacha agus cuireann sé áthas ar leanaí trí fhuaimeanna athshondacha, séiseanna agus tuineacha sa chaint a iniúchadh.

Tá luach oideachasúil ag baint le suim i bhfoirmeacha cumarsáide lena n-áirítear macallacht agus iniúchadh á dhéanamh ar mheicnic, ar phatrúin agus ar úsáidí sóisialta teanga. Léiríonn sé éagsúlacht nádúrtha sa chaoi a bhfoghlaimíonn daoine comhrá a dhéanamh.

## 9.1. Úsáid a bhaint as teanga fhógrach

Is féidir le hoideoirí luathbhlianta tacú le hidirghníomhaíochtaí agus naisc laethúla trí úsáid a bhaint as teanga fhógrach. Is éard is teanga fhógrach ann ná ráiteas nó trácht os ard faoina bhfuil ar siúl sa spás súgartha, nó faoi na rudaí atá á fheiceáil, á chloisteáil nó á smaoineamh faoi ag an oideoir. Seachas ceistiú, is tráchtaireacht é seo.

B'fhéidir go dtosódh an tráchtaireacht le 'Tá mé ag smaoineamh ar...' nó 'Feicim go bhfuil tú...' nó 'Feicim cad atá ar siúl agat ansin...'

Ba chóir a bheith cúramach go n-úsáidfí glór soiléir cothrom le linn na tráchtaireachta, agus a bheith cairdiúil chomh maith le gotha gnúise oscailte a chuireann in iúl gur ag éisteacht go géar atá tú. Tacóidh sé sin le muinín agus caidreamh a bhunú idir an duine fásta agus an leanbh.

Tá go leor buntáistí ag baint le teanga fhógrach a úsáid. Mar shampla:

- Múnlaíonn sé teanga agus tugann sé teanga an linbh dá ngníomh
- Cinntíonn sé go bhfuil a fhios ag an leanbh go bhfuil an t-oideoir i láthair agus ag féachaint go géar orthu agus iad ag súgradh
- Tacaíonn sé le raon luasanna próiseála

## 9.2. Treoracha a Thabhairt Diaidh ar nDiaidh

Agus treoracha á dtabhairt do leanbh nó do ghrúpa, ná húsáid ach ráiteas amháin, ag briseadh síos an chumarsáid go treoir amháin. Ní bhíonn sé cabhrach dhá threoir nó níos mó a thabhairt ag an am céanna. Mar shampla, d'fhéadfadh 'Bain díot do chóta agus croch suas é' a bheith ródheacair do roinnt leanaí a thuiscint toisc go bhfuil an iomarca treoracha i gceist. Is fearr a bheith sainiúil, 'Croch suas do chóta le do thoil' nó 'Téimis isteach'. Stop agus fanacht chun dóthain ama a thabhairt don leanbh an treoir a phróiseáil. Bí réidh an treoir a thabhairt arís.

## 9.3. Treoracha soiléire dearfacha a sholáthar

Baineann leanaí óga a bhfuil uathachas orthu leas as tuiscint a fháil ar cur síos soiléir ar an méid a bheidh ag súil leo ó thaobh iompair de i suíomh ar leith, go háirithe maidir le sábháilteacht dóibh féin agus do leanaí eile. Tacaíonn tuiscint ar ghnáthiompar agus a bheith ag obair i dtreo an t-iompar sin a bhaint amach le dínit an linbh.

Mar is amhlaidh le gach leanbh, tá sé i gcónaí i bhfad níos éifeachtaí treoracha soiléire, dearfacha a thabhairt do leanaí. Inis don leanbh cad ba cheart dóibh a dhéanamh seachas cad nár cheart dóibh a dhéanamh. Déan treoracha nach bhfuil ag obair a rá ar bhealach eile agus tabhair aird ar an teanga a úsáideann tú. Mar shampla, in ionad 'Ná rith', abair 'Siúlaimis' agus tacaigh le leideanna amhairc nuair is gá.

## 9.4. Córas Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (CCMP) agus Cumarsáid Mhalartach agus Bhreisitheach (CMB)

Cuidíonn córas cumarsáide malartaithe pictiúr le leanaí a bhfuil uathachas orthu cumarsáid a dhéanamh gan chaint trí phictiúir a úsáid chun cur ar chumas an linbh a riachtanais a chur in iúl, tuairimí a thabhairt nó ceisteanna a fhreagairt. Tosaíonn an córas seo de ghnáth le pictiúir de líon beag nithe a bhfuil an-eolas ag an leanbh orthu agus cuirtear leis diaidh ar ndiaidh. Is féidir le córas cumarsáide malartaithe pictiúr tacú le forbairt teanga agus de ghnáth baineann sé le hoiliúint do dhaoine fásta i saol an linbh.

Tábhachtach - Trí úsáid a bhaint as cur chuige iomlán cumarsáide, is féidir gach cineál cumarsáide a aithint agus a bhailíochtú agus nach bhfuil an chumarsáid bunaithe ar chomhlíonadh. Ciallaíonn sé sin nár cheart go mbeadh ar leanbh riamh pictiúr a mhalartú sula nglacfar lena iarracht cumarsáide. Ba chóir go dtarlódh samhaltú gan a bheith ag súil le gníomh ar leith (e.g., má tá méar á díriú ar mhír ag leanbh agus má tá sé soiléir cad atá uathu is féidir leat an focal a shamhaltú/an pictiúr a thaispeáint ach gan a bheith ag súil le malartú pictiúr a dhéanamh nó gan malartú pictiúr a bheith riachtanach chun an mhír a thabhairt don leanbh).

Tá roinnt éabhlóide tagtha sa réimse ó úsáid a bhaint as an gCóras Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (CCMP) amháin i dtreo modhanna cumarsáide malartacha agus breisitheacha (CMB) atá níos leathnaithe agus níos solúbtha.

Ba luath chreat tábhachtach é CCMP, ach úsáideann sé córas siombailí amhairc go príomha a d'fhéadfadh a bheith míchuí do leanaí ar leith. Leagann taighde a rinneadh le déanaí béim ar chórais a chur in oiriúint chun freastal ar láidreachtaí/roghanna daoine aonair.

Tá córais bunaithe ar phictiúr fós an-chabhrach do go leor leanaí, ach tá méadú tagtha ar roghanna chun gléasanna ar féidir caint a ghiniúint, aipeanna táibléid/ríomhaire, teanga chomharthaíochta thadhlach, grianghraif agus rudaí nithiúla eile a thuigeann an leanbh a chur san áireamh. Is féidir forbairt teanga a bhrostú trí mhodhanna éagsúla a chomhcheangal.

Cuireann Cumarsáid Mhalartach agus Bhreisitheach (CMB) roghanna eile ar fáil seachas caint bhriathartha. Baineann CMB le gach cineál cumarsáide ach amháin an chaint ó bhéal chun riachtanais, mianta agus smaointe a chur in iúl. Samplaí de CMB is ea rudaí, úsáid comharthaí, pictiúir agus téacs scríofa Gléasanna CMB, buail chun cainte, feidhmchláir téacs go caint, na healaíona cruthaitheacha, scéalaíocht dhigiteach agus leabhair idirghníomhacha. Is féidir leo go léir a bheith ina n-áiseanna iontacha le haghaidh forbairt teanga ghlacadh agus léiritheach do leanaí a bhfuil uathachas orthu.

Trí dhíriú ar chumarsáid fheidhmiúil seachas fabhair a iarraidh, is féidir tuairimí, smaointe casta, agus cóngaracht shóisialta a chur in iúl trí chomhrá. Ba chóir go dtacódh córais le hintinní cumarsáide éagsúla.

Cothaíonn idirphlé cómhalartach nádúrtha a chur chun cinn caidrimh agus cuimsiú níos fearr i gcomparáid le sealaíocht duine ar dhuine. Freastalaíonn CMB dinimiciúil ar idirghníomhaíochtaí ilpháirtí níos éasca.

Tugtar tús áite d'fhéinchinnteoireacht agus d'fhéinriail trí rogha a thairiscint maidir le cúnamh cumarsáide a roghnú, córas siombailí, agus conas/cén uair a ionchorpraítear uirlisí sa saol laethúil agus san fhoghlaim.

Cuireann Tús Níos Fearr cúrsa oiliúna Hanen 'Teacher Talk' ar fáil chun tacú le hoideoirí luathbhlianta cuidiú le leanaí óga scileanna teanga agus litearthachta a fhorbairt. Is féidir tuilleadh eolais faoi rochtain a fháil ar an oiliúint seo a fháil anseo: https://www.betterstart.ie/for-elc/learning-and-development/

Tá físeán ó As I Am ar thacú le forbairt teanga sa bhaile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do thuismitheoirí le fáil anseo: https://youtu.be/LJCztb2ehUc

# 10. Rannpháirtíocht

Bíonn breathnú cúramach, scileanna agus tiomantas oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí aois scoile oilte ag teastáil le haghaidh rannpháirtíocht iomlán leanaí a bhfuil uathachas orthu. Is ról riachtanach don fhoireann é éisteacht le leanaí, a dtuairimí a lorg i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí laethúla an tsuímh agus na tuairimí sin a chur san áireamh.

Glacfaidh na leanaí go léir agus a dteaghlaigh leid ón bhfoireann agus ón atmaisféar cuimsitheach a chruthaíonn siad. D'fhéadfadh go leathnódh na teachtaireachtaí sin go saol na leanaí lasmuigh den tseirbhís. Tuairiscíonn go leor tuismitheoirí a bhfuil leanaí faoi mhíchumas acu, mar shampla, nach dtugtar cuireadh riamh dá leanaí chuig socruithe súgartha nó cóisirí lá breithe. Cé nach bhfuil smacht ag an tseirbhís air seo, d'fhéadfadh tionchar buan a bheith ag samplaí de chuimsiú agus cineáltas.

# 11. Na Treoirlínte sin a Chur i bhFeidhm

Suíomh cuimsitheach a chruthú trí:

- ☑ Luachanna agus éiteas na seirbhíse a aontú leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann agus cairt chuimsithe a fhorbairt
- ☑ Plean foghlama gairmiúla cuimsithe a fhorbairt don fhoireann
- ☑ Post um Chomhordaitheoir Cuimsithe (INCO) a fhorbairt
- ☑ Cur chuige dearfach néaradhearbhaithe a ghlacadh agus é sin a chur in iúl don phobal i gcoitinne
- ☑ Cur chuige Príomhtheagmhálaí a bheith agat
- ☑ Cumarsáid a dhéanamh go rialta le tuismitheoirí
- ☑ An oiread eolais agus is féidir faoi gach leanbh a bhailiú
- ☑ Bealaí a iniúchadh agus a bhunú chun guth gach linbh a chur san áireamh sa chomhrá
- ☑ Tacaíocht SRC a lorg ar an leibhéal cuí le Tús Níos Fearr
- ☑ Úsáid a bhaint as an SRC 'Mo Phlean Cuimsithe'
- ☑ An timpeallacht a ullmhú lena n-áirítear spásanna le haghaidh sosanna céadfacha
- ☑ Socraigh mar fhoireann cad iad na straitéisí ar gá dul i ngleic leo
- ☑ Próifíl chéadfach aonair a fhorbairt
- ☑ Leasanna agus súgradh gach linbh a mhapáil
- ☑ Gníomhaíochtaí céadfacha laethúla a sholáthar
- ☑ Onóir a thabhairt do spéiseanna speisialta
- ☑ Leideanna amhairc aonair a fhorbairt
- ☑ Pleananna teagaisc intinneacha a fhorbairt
- ☑ Toiliú agus rannpháirtíocht an linbh a chinntiú

Is féidir leat caidrimh iontaofa a fhorbairt go seasta leis an leanbh agus lena dteaghlach trí oibriú le chéile ar bhealach croíúil agus dearfach chun tacú le foghlaim agus forbairt an linbh.

# 12. Naisc Thapa Tús Níos Fearr

'Mo Phlean Cuimsithe', acmhainn d'Oideachasóirí Luathbhlianta. - Tús Níos Fearr

Bileog Leideanna: Scéalta Sóisialta - Tús Níos Fearr

Bileog Leideanna: Súgradh Céadfach - Tús Níos Fearr

Boird Rogha - Tús Níos Fearr

Ar dTús/Ansin Bileog Leideanna Straitéise - Tús Níos Fearr

Ag baint úsáid as Gnáthaimh Laethúil Amharc - Tús Níos Fearr

Aistriú chun Tacú le hAistriú Leanaí chuig Bileog Leideanna Réamhscolaíochta d'Oideachasóirí Luathbhlianta (betterstart.ie)

Bileog Leideanna ar Aistrithe: Ag Tacú le hAistrithe Seomra go Seomra - Tús Níos Fearr

An Chartlann Acmhainní - an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (aim.gov.ie)

Ciúb Pluaise Dorcha/Preabphluais Dorcha - an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (aim.gov.ie)



# 13. Liosta Acrainmneacha

CMB – Cumarsáid Mhalartach agus Bhreisitheach

COLÓ - An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

CCMP – Córas Cumarsáide Malartaithe Pictiúr

CLAS – Cúram Leanaí in Aois Scoile

FCLÓ - Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

FGL – Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

INCO – Comhordaitheoir Cuimsithe

LINC – Ceannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta

PTG - Próiseálaí Teanga Gestalt

RLCMLÓ - An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

SRC – An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú

# 14. Léitheoireacht breise

I measc na bhfoinsí iontaofa le haghaidh faisnéise breise agus tuilleadh léitheoireachta tá:

As I Am https://asiam.ie/

Treoir Dea-Chleachtais Uathachais do Scoileanna https://www.gov.ie/en/publication/8d539-autism-good-practice-guidance-for-schools-supporting-children-and-young-people/

Leading Inclusion from the Inside Out. A Handbook for Parents and Early Childhood Teachers in Early Learning and Care, Primary and Special School Settings. (2021) Ring, Emer, Ed.; O'Sullivan, Lisha, Ed.; Ryan, Marie, Ed.; Daly, Patricia, Ed. Oxford: Peter Lang.

Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin https://www.middletownautism.com/



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

Prepared by the Department of
Children, Equality, Disability, Integration and Youth
**gov.ie**

ACCESS &
INCLUSION MODEL